Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gaillimh

Fón: 091-590152

**NUACHTLITIR AN EARRAIGH**



A Thuismitheoirí, a chairde, 4ú Márta 2025

## An Chéad Chomaoineach/First Communion



Beidh páistí Rang 2 ag déanamh a gCéad Chomaoineach ar an Aoine ,2ú Bealtaine ag 11.30 i.n. Beidh páistí Rang 4, 5 & 6 ag dul ag an séipéal lena múinteoirí chun canadh agus seinnt leis an gcóir.

*Second Class pupils will receive the sacrament of First Communion on Friday, 2nd May at 11.30 a.m in Knocknacarra Church. Children and teachers in classes 4th, 5th & 6th will be singing and playing music in the choir.*

## Iománaíocht/Camógaíocht

## Iománaíocht/Camógaíocht

Tá traenáil t'éis scoil ar an Luan (2.20-3.20) tosaithe ar ais arís. Míle fáilte roimh páistí ó Rang 4,5 &6. Is gearr go mbeidh na cluichi idir scoileanna ag tosú.

After school training (2.20-3.20) resumed on Monday 24th Feb. All children from Rang 4,5& 6 most welcome. Interschool games to begin soon.

## Cóineartú / Confirmation

Beidh páistí Rang 6 ag déanamh a gCóineartú Dé Céa 9ú Aibreán ag 03.00 i.n.

*Sixth class pupils will receive the sacrament of Confirmation on Wednesday 9 th April at 3pm in Knocknacarra Church.*

## *Aifreann Gaeilge don Phobal / Irish Mass for School & Community*

Beidh páistí Ranganna 5 & 6 ag glacadh páirt i nAifreann Ghaeilge don phobal ar an Aoine, 14ú Márta i séipéal Chnoc na Cathrach ag 9.30 ar maidin mar chuid de sheachtain na Gaeilge .Tá míle fáilte roimh tuismitheoirí atá saor teacht chuig an aifrinn.

*Our 5th & 6th classes will be participating in an Irish medium mass organised by the school for the community on Friday, 14th March at 9.30 a.m as part of Seachtain na Gaeilge . Parents who are free to attend are most welcome.*

## Sábháilteacht ar Líne//Safety on Line

Míle buíochas daoibh ar fad as ucht tacú leis an scoil i rith an tSeachtain Sábháilteacht ar Líne. Is léir go bhfuil na páistí ag foghlaim faoi dea-nósanna agus na dúshláin a bhaineann faoi bheith sábháilte ar líne. Bhí go leor sna meáin le déanaí ar an ábhar seo agus cé go bhfuil go leor déanta againn, tá sé de dhualgas orainn ar fad leanúint leis na dea-nósanna. Mar mheabhrúchán, níl cead ag aon pháiste fón chliste a bheith acu ar scoil. Má theastaíonn fón ó pháiste chun fanacht i dteagmháil le tuismitheoir tar éis na scoile ní cheart go mbeadh sé ceangailte leis an idirlíon. Caithfear é a thabhairt don mhúinteoir ranga ar maidin. Ní cheart go mbeadh aon pháiste sa bhunscoil ar Snapchat.

Ná déanaigí dearmad an comhaontú fóin chliste a shíniú le bhúr dtoil: https://forms.gle/ErGKdV6MktL9jc279

Freisin, tá an choiste ag smaoineamh ar chuireadh a thabhairt do Dr. Colman Noctor teacht chun labhairt le tuismitheoirí na háite. Bheadh muid buíoch dá bhfreagródh sibh dhá cheist ar seo, ag léiriú suime freastal ar seo. Ní fiú dúinn cuireadh a thabhairt dó muna bhfuil daoine sásta freastal air!
https://forms.gle/6URU9zkDHkzU41vY7

*Thank you all for supporting the school during Online Safety Week. The children are clearly learning about good habits and the challenges of being safe online. There has been a lot in the media recently on this subject and although we have done a lot, it is our duty to continue these good habits. As a reminder, no child is allowed to have a smartphone at school. If a child needs a phone to stay in touch with a parent after school it should not be connected to the internet and should be given to the class teacher in the morning. No child in primary school should be on Snapchat.*

*Please don't forget to sign the **smartphone agreement** if you have not already done so: https://forms.gle/ErGKdV6MktL9jc279*

*Also, the committee is considering inviting Dr. Colman Noctor, a well-known psychotherapist with a particular interest in internet safety, to come to talk to parents in the locality. We would be grateful if you could answer two questions on the link below, expressing your interest in attending this. Given the significant cost involved, we don’t want to invite him if people aren't interested in attending! https://forms.gle/6URU9zkDHkzU41vY7*

**Liathróid Láimhe Oilimpeach// Olympic Handball**

Maith sibh, buachaillí Rang a 6, as an gcluiche ceannais contae a bhaint amach i Liathróid Láimhe Oilimpeach! Ní raibh an lá leo an babhta seo, ach d'imir siad go hiontach, agus táimid an-bhródúil as a n-éacht.

Comhghairdeas freisin leis na páistí go léir i Rang a Ceathair a ghlac páirt sna comórtais le déanaí. Ghlac 45 páiste páirt. D'éirigh le trí cinn dár gceithre fhoireann an dara babhta a bhaint amach, rud iontach ar fad. Comhghairdeas speisialta do cheann dár bhfoirne buachaillí, a shroich cluiche ceannais an chontae—go n-éirí go geal leo ar an gCéadaoin, an 5ú Márta!

Gabhaimid leithscéal as gan pictiúr de bhuachaillí Rang a ceathair a phostáil, mar scriosadh é trí bhotún.

Míle buíochas le Fiach, Rachel, Ciarán agus Fiachra as a gcuid cabhrach leis an traenáil — táimid an-bhuíoch daoibh!

*Well done to our 6th class boys on reaching the county final in Olympic handball! It wasn't their day this time, but they put in a fantastic performance, and we are very proud of their achievement.*

*A big congratulations as well to all the children from Rang a 4 who participated in recent competitions. 45 children from Rang a 4 took part. Three of our four teams made it to the second round, which is a great accomplishment. A special mention to one of our boys' teams, who have made it all the way to the county final—best of luck to them on Wednesday, 5th March!*

*Apologies for not posting a picture of boys from Rang a 4, as it was accidentally deleted.*

*Many thanks to Fiach, Rachel, Ciarán, and Fiachra for their help with coaching—your support is greatly appreciated!*

**Buachaillí Rang a 6 a shroich cluichí ceannais an chontae**



**Cailíní Rang a 4 a shroich an dara babhta**



**Quiz Bord an Comhar Creidmheasa/Credit Union School Quiz 2025**

Comghairdeas leis na páistí ar fad agus le múinteoir Fergal a ghlac páirt sa chomórtas Quiz Boird a bhí ar siúl le deirní in Ostán an Clybaun. Rinne siad thar barr. Chríochnaigh ceann de na foirne F11 sa dara áit! Maith sibh! Míle buíochas le Fergal as ucht iad a ullmhú don chomórtas. Féach thíos na páistí ar fad a ghlac páirt ann.

*Congratulations to the children and Múinteoir Fergal who participated in the St Anthony's Credit Union Table Quiz recently. One of our Under 11 were very unlucky not win finishing in 2nd place. Well done to all of the following children who participated on the day! Many thanks to Fergal for preparing the children for the competition.*

**F11**
**Killian Ó Cinnéide**
**Daniel De Bhaldraithe**
**Mark Mac Uilliam**
**Aisling Ní Mharcacháin**

**F11**
**Joe Ó Randall**
**Annabelle Ní Mhuiris**
**Aoife De Barra**
**Ailbhe Ní Ghreacháin**

**F13**
**Eva Ní Chorcoráin**
**Culann Ó Muirí**
**Oisín Ó Cearra**
**Setanta Ó Giobún**

**F13**
**Diarmuid De Bhál**
**Rebecca Ní Earchaí**
**Emily Ní Chatháin**
**Ethan Ó Ceallaigh**











**Obair Bhaile Chruthaitheach//Creative HomeWork**

Chuir muid tús leis an Obair Bhaile Chruthaitheach an téarma seo caite i roinnt ranganna. Bíonn muid ag súil go mór leis an téama nua chuile choicís agus tá muid ag baint an-taitneamh as ár gcuid buanna cruthaitheacha a roinnt. Samplaí Rang 3 Bhláthnaid anseo !





## Coicís na Gaeilge

**Tá neart imeachtaí eagraithe do na ranganna éagsula do choicís na Gaeilge don choicís seo. Iarrann muid ar thuismitheoirí an oiread Gaeilge 's gur féidir leo a usáid sa bhaile agus cinnte I dtimpeallacht na scoile.**

*Many events & activities are happening during the next two weeks to celebrate Coicís na Gaeilge. We encourage parents to practice their Irish at home and on the school site as much as possible and we praise the huge efforts of many parents while on school site. Míle buíochas. Leanaigí leis na deá-iarrachtaí!*

## HATAÍ NA gCÁSCA // EASTER HATS

Iarrtar ar na gasúir 'Hata Cásca' a dhearadh iad fhéin le caitheamh ar scoil más mian leo ar an lá deireanach don téarma- Dé hAoine 11ú Aibreán. Bí chomh spraíúil, cruthaitheach, samhlaíoch agus uathúil agus is féidir... tosaigh ag smaoineamh, ag pleanáil agus ag dearadh go luath! Píosa spraoi a bhéas ann arís i mbliana!

*We are asking the children to consider designing an 'Easter Hat' to wear at school if they wish on the last day of term- Friday 11th April. Be as fun, creative, imaginative and unique as you are …get thinking, planning and designing as soon as possible! Have fun!*

## TRÁCHT/TRAFFIC

**Cúpla meabhrúcháin maidir le cúrsaí tráchta:**

**NÁ TABHAIR do CHARR isteach ar shuíomh na scoile ach amháin má tá tú ag usáid an Fág & Fuadaigh ar maidin.**

**NÁ TABHAIR do CHARR isteach ar shuíomh na scoile tar éis am scoile ar CHOR AR BITH ach amháin má tá ceadúnas mhíchumas agat.**

**Páirceáil do charr I gCarrchlós an Ionad Siopadóireachta ag Dunnes.**

**Bí curamach má tá sibh ag pairceáil taobh amuigh de shuíomh na scoile mar go bhfuil Clampáil ar siúl.**

**TIOMAINN GO MALL nuair atá sibh ag teacht isteach ar shuíomh na scoile ag usáid an Fág & Fuadaigh ar maidin le bhur dtoil. Tá roinnt tuismitheoirí ag tiomáint I bhfad ró-sciapaidh ar shuíomh na scoile. Moilligh síos, Tóg bhur h-am le bhur dtoil.**

**Míle buíochas do na tuismitheoirí ar fad a leanann ár dtreoracha ó thaobh trácht/páirceáil. Don chúpla duine nach leanann na treoracha iarratar bhur gcomhoibriú.**

***We ask Parents to adhere to the traffic restrictions in place around the school. We will have to review keeping the main school gates open if everyone doesn't co-operate with what's being asked of us. Please adhere to the following:***

***Please DO NOT DRIVE your vehicle onto the school site in the morning unless you are using DROP & GO service.***

***Please DO NOT DRIVE your vehicle onto the school site when collecting your child after school unless you have a disability permit.***

***Please park your vehicle in the Dunnes carpark across from the school.***

***Be careful if parking on the road outside the school on the Dunnes side of the school as clamping is in operation.***

***Please DRIVE VERY SLOWLY when using the DROP & GO service in the morning when entering & exiting school site. Some parents need to SLOW down while driving on the school site. Please slow down.***

***A sincere thank you to all the parents who adhere to our traffic and parking requests. To the few who continue to ignore our requests, please co-operate. Míle Buíochas.***

## An Fhéile Scoil Drámaíochta

Comhghháirdeas ó chroí le Múinteoirí Joe,Martina & Fionnuala, & Páistí Ranganna 4 a chruthaigh go hiontach ag an bhFéile Scoil Drámaíochta ar 13ú Feabhra. Bhí comórtas an-ghéar ann agus tá moladh mór tuillte acu gur eirigh le dhá ainmniúchán a fháil don bhFéile Cúige as an méid drámaí a ghlac páirt sa gcomórtas. Comhgháirdeas ó chroí leo. Comhgháirdeas ó chroí le Rang 4 Fionnuala a bhuaigh Comórtas 14 i Roinn 5, Roinn na gCeoldrámaí . Mar bharr ar sin, d'eirigh leo an duais is ansa ag an bhFéile a bhaint amach,' Scoth Léiriú na Féile'. Piocann an moltóir an dráma is fearr dar leí ó na drámaí ar fad don duais seo. Is mór an ónóir do Fionnuala & na páistí gur roghnaíodh a ndráma don duais speisialta seo. Cé go bhfuil sé iontach na duaiseanna & na hainmniúcháin a fháil, níl siad chomh tábhachtach leis na scileanna ar fad a fhoghlaimíonn na páistí agus iad ag dul thríd an phróiséis ag ullmhú dráma chun dul ar stáitse. Tá sé feicthe agus cloiste thar na mblianta an mhaitheas thar na bearta a dhéanann sé do na gasúir. Is obair chrua é do na múinteoirí agus glacaimse thar ceann pobal na scoile buíochas ó chroí Joe,Martina & Fionnuala as ucht a gcuid oibre agus antró ar fad. Smaoineoidh na gasúir ar an deis a thug sibh dóibh ar feadh i bhfad. Nár laga Dia sibh. Tá buíochas mór ag dul do Dheirdre agus Mary as ucht an tacaíocht iontach a thug said don cheol agus don léiriucháin, chuir sé go mór leis na drámaí. Táimid chomh buíoch dóibh as bheith sásta bheith ag tacú linn i gconaí.

Tá buíochas ag dul do mhúinteoirí a thug cúnamh thiar ag Seanscoil Shailearna agus do na tuistí ó choiste na dTuistí as ucht a gcabhair. Buíochas speisialta do Peter, Ciarán , Fiachra ,Fergal, Geraldine, Antoinette, Kate, Ella , Joan , Mary Catherine, Alex, Grace, a rinne éacht thiar ag an bhFéile ag coinneáil chuile shórt ag dul go réidh.

Beimid ag glacadh páirt sa bhFéile Cúige ar an 12ú Márta san áit céanna. Seolfar amanna chugaibh aríst.

*A massive congratulations to our 4th class teachers and pupils who performed brilliantly at the Féile Scoil Drámaíochta recently. There were a lot of dramas competing and two of the dramas were nominated to participate at the provincial finals. Congratulations to all classes.*

*A big congratulations to Fionnuala and all her pupils who won their category and also won the Féile's prestigious award, 'The best production'. The adjudicator chose their performance out of the dramas which were staged during the week. Well done to Fionnuala and the children.*

*Although it's fantastic to win prizes and receive nominations, the most important aspect of the children's involvement in the Féile Scoil Drámaíochta is the skills they acquire during the whole process, from beginning to end. It is nearly impossible to quantify the skills the children acquire, there are many from engagement to confidence building etc. It's a special experience and one which the children will remember for a long time, long after their school days in GMA. It takes a huge commitment from the teachers and I wish to thank them all so much, Míle míle buíochas to* Múinteoirí Joe,Martina & Fionnuala *for giving the children this fantastic experience. A big thank you to Deirdre and Mary for all their support with the dramas. A big thank you to the organising group of teachers from GMA and to the teachers and parents who helped out in Inverin as well as the Peter, Fergal, Áine , Órla who helped at the presentation of prizes evening.*

*Fionnuala and Martina's classes will be participating in the provincial finals in the same location on 12th March.*

## Comórtas Ealaíne// Art Competition

Comhghairdeas le Saoirse Ní Chradóg ó Rang Mhartina/ Neasa a bhuaigh duais i gComórtas na Nollag a reachtáil An Galway Advertiser. Bhailigh sí duais álainn ag searmanais i Leabharlann na Cathrach le deirní. Tá Saoirse freisin le feiceáil ar an gClár "Mo Pheata" ar Cúla 4 lena madra álainn Teidí.

Congratulations to Saoirse Ní Chradóg (Rang 1 M/N) who won a prize for the above drawing in The Galway Advertiser's Christmas Art Competition. She was presented with her prize recently at the Prize giving Ceremony in the City Library. Saoirse can also be seen on Cúla 4 on "Mo Pheata" with her lovely teddy.




## Foireann Folláine GMA/ GMA Wellbeing Team

Roghnaigh an Fhoireann Folláine tabhairt faoi Sosanna Inchinne agus Sosanna Gluaiseachta a chur chun cinn sa scoil i mbliana. Tá súil acu freisin le Léitheoireacht Budaí idir ranga a thosnú ar ais arís.

As part of our Wellbeing Promotion in GMA our Wellbeing Team are working on promoting Brain Breaks and Movement Breaks throughout the school this year. They are also working at resuming the Buddy Reading Scheme between classes again this year.

## Seirbhís an tSolais // Service of Light

Bhí ceiliúradh aoibhinn do Sheirbhís an tSolais ag an trí Rang 6 sa halla An Chéadaoin seo caite. Rinne na páistí sár - jab! Míle buíochas don t-Athair Tadhg as ucht páirt álainn a ghlacadh inár gceiliúradh agus do mhúinteoirí Sally, Siobhán, Tighearnán agus Aonghus as ucht na gasúir a ullmhú don ócáid.

A lovely celebration of Light Service took place in the hall last Wednesday with the three Rang 6 Classes along with their parents and teachers. Many thanks to Fr. Tadhg for leading us in our celebration and to the Rang 6 teachers- Sally, Siobhán, Tighearnán and Aonghus for preparing the children for the special occasion.




A Spioraid Naoimh,
taispeáin dom an tslí.
Molaigí an Tiarna,
Alleluia!

# Cuir Feabhas ar do chuid Gaeilge !// Improve your spoken Irish!



## Comórtas Chispheil// Basketball Competition

Bhí an -chraic ag triúr bhuachaillí ó Rang Sé (Colm Ó Maoldomhnaigh,Ultan Ó Maoldomhnaigh agus Éanna Ó Máille) ag an deireadh seachtaine seo caite. Chuaigh siad go dtí An Fhrainc i gcóir comórtas cispheile a imirt leis a gclub Titans. Bhí siad ag imirt i Mulhouse san Fhrainc, agus chiall siad amach as an gcomórtas san cheathrú ceannais in aghaidh foireann ón Liotuáin. Ghlac foireannacha ón Bheilg, ón Liotuáin, ón tSlovéin agus ón Fhrainc páirt sa chomórtas. Fuair na buachaillí bonn ór an duine agus tá muid án-bhrodúil astu.

Three boys from Rang 6 (Colm Ó Maoldomhnaigh, Ultan Ó Maoldomhnaigh and Éanna Ó Máille) had a wonderful time last weekend. They went to Mulhouse in France to play in a basketball tournament with their Titans Club. They were beaten in the quarter finals of the competition by a team from Lithuania. There were teams from Belgium, Lithuania, Slovenia and France competing at the competition. The boys got a gold medal each - we are very proud of them. Fair Play daoibh ar fad!

**Sam Mclaughlin Rang 4 Joe**

Comhghairdeas le Sam a bhain gradam amach san Innealltóireacht Shibhialta don Aos Óg in Ollscoil na Gaillimhe le deirní

Sam recently graduated from the University of Galway after completing a course with the youth academy in civil engineering.



**<u>Snámh // Swimming :</u>**

D'éirigh thar barr le foireann snámha na Gaelscoile i gCaisleán an Bharraigh ar an 1ú/2ú Feabhra. Ghlac fiche páiste páirt sa ngala agus rinne siad ar fad thar barr agus tá muid chomh bródúil astu. Bhí go leor PB's (personal best) ag na páistí agus siad ar fad a ndícheall.

Beidh roinnt páistí ag dul ar aghaidh go dtí an NAC(National Aquatic Centre) i mBÁC ar an 30ú Márta i gcomhair Craobh na hÉireann. Caithfidh mé fanacht ar na torthaí oifigiúil chun a chinntiú cé a bhéas ag dul ach cuirfidh mé an eolas seo chugat nuair a bhéas sé agam.

Bhuaigh Grace Breathnach as R5 Ciarán bonn ór sa snámh feileacáin.

Bhuaigh an foireann relay(Fionán Breathnach, Diarmuid De Bhal, Culann Ó Múirí & Liam Ó Cuinneagáin) dhá bhonn, airgead agus cré umha sa dá rás relay a ghlac siad páirt iontu.

Bhuaigh Ciara Ní Chuinneagáin dhá bhonn(Airgead agus Cré Umha) agus í ag glacadh páirt sa ngala do scoileanna dara léibhéal. Éacht déanta ag Ciara agus í ag snámh le cailíní a bhí i bhfad níos sine na í.

*Our school's swimming team performed very well in Castlebar on the 1st/2nd february. Twenty children took part in the gala and they all performed brilliantly and we are so proud of them. The children had a lot of PB's (personal best) and they all did their best.*

*Some children will be heading to the NAC (National Aquatic Centre) in Dublin on 30th March for the All-Ireland Final. We await the official results to make sure who will be going. This information will be given to parents asap.*

*Grace Breathnach R5 Ciarán won a gold medal in Felony swimming.*

*The relay team (Fionán Breathnach, Diarmuid De Bhal, Culann Ó Múirí & Liam Ó Cuinneagáin) won two medals, silver and bronze in the two* relay races they took part in.

Ciara Ní Chuinneagáin won two Silver and Bronze medals while taking part in the gala for second level schools. Ciara made an achievement while swimming with much older girls. Maith sibh ar fad !!

**ParkRun :**

D'eirigh le Mícheál (Rang 3 Rachel) a chéadtú ParkRun a bhaint amach Dé Domhnaigh , 2ú Feabhra. Is mór an méid é 100 Junior ParkRun a bheith déanta aige, agus tá muid an-bhródúil as!

Congratulations to Micheál Rang 3 Rachel who has successfully completed 100 Park runs !!!






# <u>Laethanta Saoire na Cásca – 11ú Aibreán</u>

## Easter Holidays – 11th April

Beidh páistí ag fáil laethanta saoire na Cásca ar an Aoine, 11ú Aibreán, 2025. Rachaidh ranganna abhaile ag 11.50 nó 12.00 .

**Osclófar an scoil arís ar an Luan 28ú Aibreán 2025**.

*Children will get their Easter Holidays on Friday, 11th April, 2025. Classes will go home at 11.50 & 12.00 on this day .*

***School will re-open again on Monday the 28th April 2025.***

## ***Dátaí le Meabhrú / Dates to remember***

***7ú Márta***- *Lá Ghléasadh suas mar Charactéar ó Leabhar// Dress up as character from a book*

***12ú Márta*** *-Féile Scoil Drámaíochta –Ranganna 4 Fionnuala & Martina san Indreabhán*

***1ú-17ú Márta***- *Coicís na Gaeilge – Labhraigí an oiread Gaeilge sa bhaile & gur féidir!*

***20ú Márta*** *-Cuairt Seantuismitheoirí//Grandparents' Visit: Rang 1 Martina/ Neasa & Caitríona ag 11.30*

***21ú Márta*** *-Cuairt Seantuismitheoirí/ Grandparents' Visit: Rang 1 Fiona & Michelle ag 11.30*

***14ú Márta***- *Aifreann Gaeilge na Scoile i Séipéal Chnoc na Cathrach ag 9.30 r.n/a.m*

***17ú & 18ú Márta***- *Scoil Dúnta/School closed*

22ú ***Márta -Aifreann do pháistí Rang 2 & 6 ag 6 a chlog sa séipéal ag 6in//Mass for Rang 2 & 6 in Knocknacarra Church @ 6pm***

***4ú Aibreán***- *Lá Gan Éide scoile/ Non-Uniform Day ar son 'Brighter Communities'*

***9ú Aibreán***- *Coíneartú/ Confirmation Rang 6 ag 3in i Séipéal Chnoc na Cathrach*

***10ú Aibreán***- *Díolachán Cháca//Cake Sale sa halla ag an gCoiste Néara-Éagsúlacht*

***11ú Aibreán*** *- Hataí na Cásca a chaitheamh ar scoil / Easter Bonnet Day at school // Crannchur na Cásca le Coiste Tuistí- Easter Raffle*

***11ú Aibreán***- *Tús le Laethanta Saoire na Cásca /Start of Easter Holidays*

***2ú Bealtaine***- *Céad Chomaoineach Rang 2 ag 11.30 i Séipéal Chnoc na Cathrach*